## Cúlra

Tagann an Sampla seo ó rang ilghráid (*multigrade*), Rang 2 agus Rang 3, ina bhfuil 24 páiste. Cé go bhfeidhmíonn an scoil trí mheán an Bhéarla, spreagtar na páistí chun an Ghaeilge a úsáid le linn an cheachta Gaeilge agus go neamhfhoirmiúil i rith an lae scoile. Tá an t-eispéireas foghlama seo mar chuid de shraith ceachtanna bunaithe ar an bpictiúrleabhar 'An Garbhán' (*The Gruffalo*). Tá béim sa tsraith ceachtanna ar Theanga ó Bhéal, Léitheoireacht agus Scríbhneoireacht. Cruthaíonn an múinteoir timpeallacht thacúil, mhealltach a chuimsíonn (*includes*) gach páiste i bhfoghlaim agus i dteagasc na Gaeilge.

## Teagasc trí mheán na Gaeilge

Tabhair faoi deara gur **Gaeilge amháin** a úsáideann an múinteoir le linn an eispéiris foghlama. Is bunphrionsabal é seo d'fhoghlaim agus de theagasc rathúil na teanga. Ní hamháin go gcinntítear tuilleadh teagmhála leis an teanga tríd sin, ach bíonn Gaeilge chruinn, chruthaitheach agus líofa á heiseamláiriú (*modelled*) ag an múinteoir. D'úsáid sí **íomhánna, puipéid, athrá agus geáitsí** chun tacú le tuiscint na bpáistí. Bhain an múinteoir úsáid as an **gcur chuige cumarsáideach**, ag bogadh go solúbtha ó thréimhse amháin go tréimhse eile, lena chinntiú go raibh dóthain teanga agus scafláła ag na páistí le dul i mbun cumarsáide a bhí taitneamhach, idirghníomhach agus fiúntach.



## Ullmhúchán don Fhoghlaim agus don Teagasc

Nuair a bhíonn an múinteoir ag ullmhú don fhoghlaim agus don teagasc, baineann sí leas as na nithe seo a leanas:

**cur amach ar na páistí agus a réamhfhoghlaim,** m.sh., a gcuid suime sa leabhar 'An Garbhán' i mBéarla, réamhfhoghlaim na bpáistí ó thaobh na teanga de, an réamhthaithí atá acu ar na gníomhaíochtaí, srl.

**cur amach ar an gcuraclam,** m.sh., tuiscint ar na Torthaí Foghlama thar Chéimeanna 2 agus 3


**cur amach ar an oideolaíocht,** m.sh., scafláil, an cur chuige cumarsáideach, cur chuige spraíúil, aithris, athléitheoireacht (*repeated reading*), idirghníomhaíochtaí, srl.

Áirítear leis an **ullmhúchán dofheicthe** (*invisible preparation*) machnamh an mhúinteora ar spéiseanna agus cumais na bpáistí agus na breathnuithe a dhéanann sí. Áirítear leis an **ullmhúchán infheicthe** (*visible preparation*) a dhéanann sí na hacmhainní a ullmhaíonn sí chun an fhoghlaim a éascú; amhail puipéid bheaga, íomhá den choill, srl. San **ullmhúchán taifeadta** (*recorded preparation*) a dhéanann sí, díríonn sí ar na Torthaí Foghlama i gcomhar leis na contanaim dul chun cinn. Tagann na Torthaí Foghlama a roghnaíodh thíos ón snáithe Teanga ó Bhéal agus ó shnáithe na Léitheoireachta.

| Gné | Snáithe | Toradh Foghlama | Fócas na foghlama |
|---|---|---|---|
| Cumarsáid | Léitheoireacht | TF 1: Rannpháirtíocht (Céim 3) | Glacfaidh na páistí páirt i léitheoireacht agus bainfidh siad taitneamh as éisteacht léi |
| Tuiscint | Teanga ó Bhéal | TF 5: Stór focal (Ag trasnú Chéimeanna 2 agus 3) | Úsáidfidh na páistí stór focal agus frásaí ó bhéal le foghraíocht chuí |
| Tuiscint | Teanga ó Bhéal | TF 7: Léiriú tuisceana (Ag trasnú Chéimeanna 2 agus 3) | Éistfidh na páistí go gníomhach le téacsanna agus léireoidh siad tuiscint trí ghníomh nó freagra cuí a thabhairt |
| Tuiscint | Léitheoireacht | TF 5: Fónaic, aithint focal agus staidéar ar fhocail (Céim 3) | Úsáidfidh na páistí foghraíocht na Gaeilge le linn léitheoireachta |

De réir mar a oibríonn páistí i dtreo na Torthaí Foghlama agus iad i mbun eispéiris foghlama teanga shaibhre, déanann siad **príomhinniúlachtaí** a chothú agus a fhorbairt mar atá leagtha amach *i gCreatchuraclam na Bunscoile*. Feictear na príomhinniúlachtaí seo a leanas san eispéireas foghlama seo:

- a bheith i do chumarsáidí agus teanga a úsáid trí thuiscint agus stór focal a fhorbairt agus taitneamh a bhaint as idirghníomhaíochtaí fiúntacha
- a bheith i d'fhoghlaimeoir gníomhach trí rannpháirtíocht ghníomhach in eispéiris foghlama spraíúla




## Roghnú an téacs

Roghnaigh an múinteoir an téacs dílis (*authentic text*) 'An Garbhán' toisc go dtaitníonn an scéal leis na páistí i mBéarla, go bhfuil Gaeilge álainn shaibhir ann agus go bhfuil raon leathan féidearthachtaí ann don fhoghlaim ghníomhach. Leis an eolas cúlra atá ag na páistí ar an scéal, is féidir díriú ar spéis a spreagadh sa léitheoireacht agus iad a ullmhú trí ionchur teanga a bhaineann leis an suíomh agus na carachtair a thabhairt dóibh.

## Eispéireas foghlama 1: (01.44 - 03.29)

**Ag cothú spéise:** Ag tús an eispéiris foghlama, feictear na páistí ag aithris nathanna agus frásaí úsáideacha a bhfuil eolas acu orthu. Tacaíonn an cleachtas seo le foghraíocht, forbairt foclóra agus muinín na bpáistí chun an Ghaeilge a úsáid.

**Ionchur teanga - an suíomh:** Chuir an múinteoir tús leis an ionchur teanga, **ag tógáil ar an stór focal** atá ag na páistí maidir leis an suíomh ina bhfuil an scéal suite – an choill. Le tacú lena dtuiscint agus lena rannpháirtíochta tharraing na páistí pictiúr den choill agus chruthaigh siad puipéid bheaga de na carachtair ón scéal. Tacaíonn na híomhánna leis an tuiscint, leis an rannpháirtíocht (*engagement*) agus leis an spreagadh an teanga a úsáid. Chun tacú le stór focal agus frásaí nua a shealbhú, bhain an múinteoir úsáid as **athrá agus aithris** chun an tacaíocht chuí a chur ar fáil do na páistí ionas go sealbhóidís an teanga go cruinn.

**Obair ghrúpa:** Tugadh deis do na páistí an teanga nua a chleachtadh go **hidirghníomhach** trí dhá ghníomhaíocht a dhéanamh i ngrúpaí:

**Taispeáin dom:** Feidhmíonn páiste amháin mar 'mhúinteoir' ag iarraidh ar na páistí eile méar a leagadh ar rud éigin.

**Feicim le mo shúilín:** Deir páiste amháin túslitir rud éigin a fheiceann sé, agus caithfidh na páistí eile buille faoi thuairim (*guess*) a thabhairt cad é.



## Eispéireas foghlama 2: (03.30 - 05.43)

**Ionchur teanga – na carachtair:** Dhírigh an múinteoir ar na carachtair sa scéal, ag déanamh cur síos simplí orthu ceann ar cheann chun deis a thabhairt do na páistí an stór focal a thuiscint, a aithris agus a athrá. Bhain sí úsáid as **frásaí agus abairtí iomlána** agus spreag sí na páistí chun abairtí iomlána a úsáid freisin.

**An Fhuaim [á]:** Thapaigh an múinteoir an deis díriú ar an bhfuaim [á], ar bhealach spraíúil, ós rud é go bhfuil sí le cloisteáil sa scéal; m.sh., An Garbh**á**n, ulchabh**á**n, sciath**á**n, sl**á**n, g**á**ire, srl.

## Eispéireas foghlama 3: (5.44 - 07.58)

**Eispéiris léitheoireachta:** Trí scríbhneoireacht i bpáirt leis an múinteoir (*shared writing*) chum an rang téacsanna gearra simplí bunaithe ar na carachtair ón leabhar. Tá na téacsanna sin á léamh ag na páistí sa Sampla seo chun foghraíocht agus úsáid chruinn na bhfocal a chleachtadh. Cuireann an athléitheoireacht le cumas na bpáistí abairtí cruinne a úsáid sa chaint.

De réir a chéile cuireann an múinteoir níos mó frásaí ón scéal sna téacsanna, rud a thugann deis do na páistí dul i dtaithí ar an bhfoclóir nua agus é a chleachtadh.



Bhain an múinteoir úsáid as an **léitheoireacht chórúil*** (*choral reading*) leis an rang iomlán le tacú le muinín agus rannpháirtíocht gach páiste. Bhí an téacs 'An Luch' cleachtaithe cheana ag na páistí. Ansin úsáideadh **léitheoireacht mhacallach*** (*echo reading*) chun an téacs nua 'An Sionnach' a chur i láthair. Cabhraíonn an léitheoireacht mhacallach le ceartfhoghraíocht (*correct pronunciation*) na Gaeilge. Ina theannta sin, baineann an múinteoir agus na páistí úsáid as geáitsí agus í ag léamh, rud a fheabhsaíonn rannpháirtíocht agus tuiscint na bpáistí.

* Is féidir cur síos ar léitheoireacht chórúil agus léitheoireacht mhacallach a fháil san Ábhar Tacaíochta do TF 10 sa Léitheoireacht.

**Obair ghrúpa:** Tugadh deis do na páistí an léitheoireacht mhacallach a chleachtadh i ngrúpaí; bhí 'An Luch' á léamh ag Rang 2 agus 'An Sionnach' á léamh ag Rang 3. Bhí deis ag an múinteoir breathnóireacht a dhéanamh ar rannpháirtíocht agus ar fhoghraíocht na bpáistí agus tacú leo agus iad ag obair i ngrúpaí. Ina dhiaidh sin, d'aimsigh na páistí focail a bhfuil an fhuaim 'á' iontu sna téacsanna gearra i ngrúpaí beaga.

**Léamh os ard**: Bhí seans ag roinnt páistí na téacsanna a léamh os ard don rang.

## Eispéireas foghlama 4: (07.59 - 09.59)

Ansin chuir an múinteoir an leabhar i láthair don rang. Léigh sí an chéad chuid ag múnlú Gaeilge shaibhir, rithimiúil an scéil. Bhain sí úsáid as na pictiúir, as geáitsí agus as tuin gutha le tacú le tuiscint na bpáistí agus í ag léamh.

D'iarr an múinteoir ar na páistí a bheith ag faire amach do na carachtair éagsúla agus í ag léamh.

**Obair ghrúpa:** Thug an múinteoir tasc do na páistí na carachtair éagsúla a chur in ord de réir mar a chastar leo sa scéal.

**Am spraoi:** Bhí am spraoi ag na páistí leis na puipéid bheaga. Tugann cur chuige spraíúil deis do na páistí an teanga a úsáid go cruthaitheach agus go spontáineach. Tugann sé deis don mhúinteoir dul chun cinn na bpáistí a mheas maidir le húsáid an stór focal nua chomh maith le foclóir eile atá acu cheana féin.



## Léiriú ar an bhFoghlaim

Cuireadh deiseanna san áireamh do réimse de chuir chuige **measúnaithe iomasaigh** (*intuitive assessment*) lena n-áirítear **ceisteanna a chur** ar na páistí agus **breathnóireacht** a dhéanamh orthu agus iad i mbun obair ghrúpa. Le linn am spraoi cruthaíodh deis don mhúinteoir an leibhéal tuisceana, spéise agus muinín atá ag na páistí maidir le **húsáid na Gaeilge** as a stuaim féin a mheas.

## Ceisteanna Machnaimh

1. Bhain an múinteoir úsáid as téacs dílis (*authentic text*) 'An Garbhán'. Conas a chabhraíonn téacsanna dílse le spéis na bpáistí a chothú i léitheoireacht na Gaeilge?
2. Cén tionchar a bhí ag na híomhánna agus na puipéid bheaga ar rannpháirtíocht agus ar thuiscint na bpáistí?
3. Dhírigh an múinteoir ar an bhfuaim [á] san eispéireas foghlama seo. Conas a chuidíonn eolas ar fhónaic na Gaeilge le foghraíocht agus le muinín na bpáistí sa léitheoireacht?

Le breathnú ar an bhfíseán a bhaineann leis an bhFaisnéis Tacaíochta seo, cliceáil anseo.